



22/03/2021

A Chara

Tá súil agam go bhfuil tú féin agus do mhuintir ar fad go maith le linn na paindéime Covid-19.

Is mise Brendan Twomey agus is mise atá ag feidhmiú mar Oifigeach Idirchaidreamh Pobail (CLO) do Coillte agus dár gcomh-pháirtneir forbartha *SSE Renewables*, ar an tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá beartaithe san Inse Mhór, Co. Chorcaí. B'fhéidir gur cuimhin leat gur fhágas bileog eolais ag do thigh i Mí Meán Fómhair seo caite a thug roinnt eolais réamhléiritheach ar an suíomh agus ar an obair iniúchta a bheidh ar siúl chomh maith le roinnt eolais maidir le cúlra na bhforbróirí.

An chúis atá agam leis an litir seo a thabhairt chomh fada leat ná chun tú a thabhairt cothrom le dáta arís. Chun ár measúnú, atá mar chuid den réamh-iniúchadh ar an Inse Mhór, a bhrú chun cinn beidh orainn crann meitéareolaíochta 100m (*'met mast'*) a chur suas. Deineann *'met mast'* luas, tréithe agus treo na gaoithe a thomhas agus a logáil ag réimse airde thar tréimhse ama chun oiriúnacht maidir le feirm ghaoithe a lonnú ar an láthair sin a mheas. Tá sé i gceist againn iarratas pleanála don *'met mast'* seo a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí go luath. Beidh an t-iarratas le feiscint ina dhiaidh sin ar líne ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí ([www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie)).

Gan amhras, táimid aireach ar shrianta an FSS agus an Rialtais atá i bhfeidhm ag an am seo, chun scaipeadh agus tionchar **Covid-19** a chur faoi smacht sa phobal. I gcomhréir leis na srianta seo níl ar ár gcumas glaoch chugat i do thigh chun na ceisteanna ar fad a phlé mar a dhéanfaí de ghnáth, ach é sin ráite, is mian linn an deis seo a thapú chun tú a chur ar an eolas faoin dtionscadal atá beartaithe againn trí mheán an phoist agus trí ghlaonna díreacha gutháin. Chun é seo a dhéanamh go héifeachtach ba mhaith linn do chead a lorg ort, muna bhfuil sé tugtha agat cheana féin, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Is féidir leat:

- An fhoirm atá faoi iamh a líonadh agus a sheoladh ar ais chugam ag [btwomey@gmail.com](mailto:btwomey@gmail.com)  
**NÓ**
- Seol téacs chugam ag **087 9712151** ag iarraidh orm glaoch a chur ar ais ort nó téacs a sheoladh le do thoil le "ainm" agus na focail "coimeád mé ar an eolas le do thoil" agus cuirfidh mé do shonraí lenár liosta teagmhálacha agus coimeádfar tú ar an eolas de réir mar a thagann aon eolas nua chun cinn amach anseo. Freagrófar gach teachtaireacht téacs chun a rá leat go bhfuair mé do theachttaireacht.

Sin a bhfuil go fóill, fan slán agus beidh mé i dteagmháil arís.

Le dea-mhéin,

---

Brendan Twomey  
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail (CLO)